

Polasaí Obair Bhaile

Gaelscoil Charraig Uí Leighin

Is cuid lárnach an obairbhaile den saol scoile. Tugtar obairbhaile go rialta do pháistí na scoile. Cruthaíonn obairbhaile nasc idir an scoil agus an baile agus idir an múinteoir agus an tuismitheoir.

Rinne Séamus, Martina agus Siobhán ath bhreithniú ar an bpolasaí seo 27ú Márta 2019

An fáth go dtugtar Obair Bhaile?

- Tugtar obair bhaile do pháistí chun tuilleadh cleachtadh agus daingniú a dhéanamh ar na coincheapanna atá múinte sa rang agus chun páistí a chur ag obair as a stuaim féin.
- Chun nascadh a dhéanamh idir an múinteoir agus an tuismitheoirí.
- Tugann sé deis do pháistí forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna oibre agus modhanna staidéir.
- Bá cheart go mbeadh páiste ábalta don obair bhaile a thugtar dí/dó. De ghnáth bíonn sé ullmhaithe ag an múinteoir roimhse sa rang. É sin ráite d'fhéadadh sé tárú sna hÁdranganna go dtugtar roinnt obair bhaile chun dushlán a thabhairt do pháiste nó chun forbairt a dhéanamh ar a gcruthaítheacht.
- Beifear ag súil go ndéanfaidh gach páiste an obair bhaile chomh maith agus is féidir leo.

Cén uair a thugtar Obair Bhaile?

- Tugtar obair bhaile do pháistí ar an Luan, Mháirt, Céadaoin agus Déardaoin. De ghnáth ní thugtar obair bhaile ar an Aoine ach í gcásanna nach raibh obair bhaile sásúil í rith na seachtaine nó b'fhéidir í gcás go mbeadh tionscnamh ar siúl go mbeifí in ann eolas a bhailiú ag an deireadh seachtaine.
- Uaireanta faoi dhíscréid an Príomhoide nó an mhúinteoir ranga d'fhéadadh sé tárú go mbeadh oíche saor ó obair bhaile mar aitheantas ar dhea-obair.
- D'fhéadfadh sé tárú go dtabharfaí obair bhaile breise í rith na seachtaine nó ag an deireadh seachtaine dá mo rud é nach ndearna páiste obair bhaile nó nár chuireadar iarracht isteach ina gcuid obair bhaile.
- Muna ndéantar obair bhaile, déantar e a chur í n-iúl do thuismitheoirí.

Ábhar an Obair Bhaile:

- Go hidéalach beidh cothromaíocht idir tascanna leitheoireacht, tascanna foghlamtha agus tascanna scríbhneoireachta. Ní beidh sé indéanta an cothromaíocht seo beith ann í gconaí agus beidh éagsúlacht í gceist ó lá go lá. Ag an am céanna bá cheart a mheabhrú go bhfuil an t-am a chaitear ar obair leitheoireacht agus foghlama chomh tabhachtach le obair scríobhfá. I measc an obair bhaile a thabharfar do na páistí beidh leitheoireacht, litriú, táblaí, obair scríofa, píosa le foghlaim de ghlan mheabhar, dathú, ag bailiú eolais / nithe nó ag críochnú obair a tosaíodh sa rang. Ceapann páistí uaireanta nach obair bhaile ceart iad leitheoireacht nó foghlaim de ghlan mheabhar. Is féidir le tuismitheoirí ról fíor thabhachtach a bheith acu í n-éisteacht le leitheoireacht agus nite atá le foghlaim de ghlan mheabhar chun cinntiú go ndéantar an obair seo go maith.

Cé mhéid (ama) obair-bhaile?

Anseo thíos treoir duit faoin méid ama go mba choir don pháiste meánach a chaitheamh ag déanamh obair bhaile. Tógfaidh sé am éagsúil ar gach páiste an obair bhaile céanna a dhéanamh. Beidh éagsúlacht san am b'fhéidir ó lá go lá agus b'fhéidir idir tús agus deireadh na bliana. Tá sé tabhachtach a mheabhrú gurb é an caighdeán agus ní an méid obair bhaile atá tabhachtach. Glactar leis go mbeidh an t-am seo saor ón teilifís nó aon chur isteach eile.

| | |
|------------------------|-----------------|
| Naíonáin Shóisearacha: | 5 – 10 nóiméad |
| Naíonáin Shínearacha: | 5 – 10 nóiméad |
| Rang 1: | 10 – 15 nóiméad |
| Rang 2: | 15 – 20 nóiméad |
| Rang 3: | 20 – 30 nóiméad |
| Rang 4: | 20 – 30 nóiméad |
| Rang 5: | 30 – 45 nóiméad |
| Rang 6: | 30 – 45 nóiméad |

Cé mhéid cabhair ar cheart do thuismitheoir a thabhairt?

- Is féidir le thuismitheoirí cabhair a thabhairt le obair bhaile trí áit agus am oiriúnach a bheith leagtha amach don obair bhaile agus trí cur isteach cosúil le teilifís nó fón póca nó páistí eile a sheachaint.
- Bá cheart go ndéanadh an páiste an obair scríbhneoireacht leo féin agus ní cheart cúnaimh a thabhairt muna bhfuil deacracht ag an bpáiste.
- Má tá deacrachtaí ag páiste le obair ba cheart do thuismitheoir níos mó samplaí a chleachtadh leis an bpáiste ach gan an obair bhaile a dhéanamh don pháiste. Sa gcás seo bá cheart don thuismitheoirí nóta a chur chuig an múinteoir ag miniú an fhadhb. Ní obair bhaile é leitheoireacht roinnte sa ghnáthchiall agus bá cheart gur gníomhaíocht speisialta é idir páiste agus thuismitheoir. Muna bhfuil sé taitheamhach ní cheart é a dhéanamh

Cé chomh minic is ceart do thuismitheoirí féachaint ar obair bhaile?

- Iarratar ar thuismitheoirí féachaint ar an obair bhaile gach trathnóna agus an dialann obair bhaile a shiniú do pháistí Rang 1 – Rang 6. Is áis thabachtach í an dialann scoile mar go bhfuil cuntas ar obair bhaile an pháiste agus is slí iontach é le cumarsáid a dhéanamh idir thuismitheoirí agus múinteoirí. Déan cinnte go bhfuil an obair bhaile togtha síos í gceart ag do pháiste agus go gcuireann sé/sí tic ar gach rud nuair atá an obair bhaile déanta aige. Ní ghlacfar ach le caighdeán áirithe scríofa ach cuirfear cumas an pháiste san áireamh. Cothaítear néatacht ón tús.

Cé chomh minic is a cheartaíonn Múinteoirí obair bhaile?

- De ghnáth is maith leis an múinteoir ranga obair bhaile a sheiceáil gach lá.
- Is féidir leis na páistí féin no le páistí eile roinnt obair bhaile a sheiceáil faoi threoir ar mhúinteora. Is próiseas fóghlamtha ann féin é seo.

Cén uair ar cheart don thuismitheoirí cumarsáid leis an Múinteoir ranga maidir le obair bhaile?

- Cuirfear nóta chuig múinteoir nuair nach bhfuil an páiste ábalta an obair bhaile a dhéanamh mar gheall ar choinsí bhaile.
- Nuair nach bhfuil an páiste ábalta obair bhaile a dhéanamh mar nach dtuigeann said cuid dó.
- Má tá an t-am a chaitear ar obair bhaile níos mó ná an am sna treorlínte.

Cén uair ar cheart obair bhaile a dhéanamh?

- Ta gach suíomh éagsúil óna chéile – tuismitheoirí ag obair, feithlí linbh agus srl. Moltar gur cheart obair bhaile a dhéanamh , go luath tar éis don scoil críochnú. É sin ráite bíonn briseadh ag teastáil do roinnt pháistí sula dtosaíonn said ar obair bhaile.

Obair Bhaile – Cad atá i gceist leis?

Glacann obair bhaile foirmeacha éagsúla ag brath ar an topaic agus ar an ábhar. Ní liosta críochnúil é an liosta seo a leanas, ach sampla den rud atá i gceist le obair bhaile:

- ✓ Freagraí gearra a scríobh i gcóipleabhar/leabhar saothair
- ✓ Cleachtaí gearra a thugann deis don dalta scileanna nua a chleachtadh nó coincheapanna nua a chur i bhfeidhm
- ✓ Léaráidí nó léarscáileanna a tharraingt
- ✓ Freagraí fada, le sprioc dáta, déanta thar tréimhse áirithe
- ✓ Aistí
- ✓ Tionscnaimh déanta thar roinnt seachtainí
- ✓ Obair Ealaíne a chleachtadh/ chríochnú
- ✓ Taighde a dhéanamh
- ✓ Obair chuimhneacháin/ ag dul siar ar ábhar/ obair ar leith déanta sa rang
- ✓ Ábhair/ comh-ábhair a bhailiú do ranganna éagsúla
- ✓ Ag cleachtadh ceoil
- ✓ Tuairisciú turgnaimh
- ✓ Ag cleachtadh scileanna éisteachta/ labhartha/féachaint ar chlár teilifíse , aiseolais a roinnt agus srl.

Ról na ndaltaí

- ✓ An obair bhaile a fhaightear ón mhúinteoir a scríobh ina dhialann
- ✓ An t-am a thógaint chun an obair bhaile a dhéanamh chomh maith agus is féidir leis an dalta
- ✓ Cinntiú go bhfuil a gcuid obair bhaile déanta don chéad sprioc lá eile
- ✓ Cinntiú go bhfuil na leabhair agus trealamh cuí ina mála scoile

Ról na dTuismitheoirí

- ✓ Suim a chur i ndul chun cinn a n-íníon nó a mac le linn a tréimhse ar scoil
- ✓ Miniú don iníon nó don mhac an tábhacht a bhaineann le obair bhaile a dhéanamh gach lá
- ✓ Cinntiú go bhfuil coinníollacha compordacha agus oirúinacha ag a n-íníon nó mac chun a gcuid obair bhaile a dhéanamh
- ✓ Cinntiú go bhfuil obair bhaile críochnaithe don chéad sprioc lá eile
- ✓ Cinntiú go bhfuil gach leabhar agus trealamh cuí ina mála don chéad lá scoile eile
- ✓ Síniú a chur sna háiteanna cuí sna dialainne scoile gach seachtain

Ról an Mhúinteora

- ✓ An tábhacht a bhaineann le obair bhaile a mhíniú
- ✓ An obair bhaile a chur in iúl roimh dheireadh an ranga chun deis a thabhairt do na daltaí an obair bhaile a scríobh ina ndialanna
- ✓ Cuntas a choiméad ar an obair bhaile a thugtar do dhaltaí
- ✓ Cinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta ag daltaí ar an sprioc dháta
- ✓ An obair bhaile a cheartú sa rang, más féidir
- ✓ Cuntas a choiméad ar obair bhaile na ndaltaí
- ✓ Obair bhaile a cheartú, a mharcáil agus a thabhairt ar ais
- ✓ Taifead a chur i ndialann an dalta muna bhfuil obair bhaile déanta

Déa-Chleachtais: Ó thús na bliana

An Múinteoir:

- ✓ Obair bhaile scríofa ar an gclár roimh dheireadh an ranga
- ✓ Obair bhaile a sheiceáil, a cheartú, agus a shíniú le data Aiseolas a chur sa dhialann nó teagmháil a dhéanamh leis an Oide Ranga más gá.

An Dalta:

- ✓ Amchlár staidéir agus obair bhaile i bhfeidhm ag an dalta ón gcéad seachtain ar ais ar scoil.
- ✓ An obair bhaile a scríobh sa dhialann roimh dheireadh an ranga.
- ✓ Obair bhaile a chinntiú leis an mhúinteoir roimh dheireadh an ranga, más gá.
- ✓ An obair bhaile a dhéanamh an lá a bhfaightear é.
- ✓ Bíodh ceol, an teilifís, an guthán múchta le linn an tréimhse obair bhaile agus staidéir.

- ✓ An obair bhaile a dhéanamh agus a thaispeáint don mhúinteoir san sprioc am.

An Tuismitheoir / Caomhnóir:

- ✓ An dalta a ullmhú don chéad lá scoile, ó thaobh leabhair, cóipleabhair agus trealamh cuí de réir leabhar liosta na bliana
- ✓ Áit eagraithe chun an obair bhaile a dhéanamh go ciúin, bord, solas, spás cuí srl. Bíodh ceol, an teilifís, an guthán múchta le linn an tréimhse.
- ✓ Dialann an dalta a sheiceáil ó thaobh obair bhaile agus nótaí de, gach seachtain.
- ✓ Nótaí ón mhúinteoir a shíniú.más gá.
- ✓ Dul i dteagmháil leis an Oide Ranga, má bhíonn buairt faoi dhul chun cinn an dalta
- ✓ Cur in iúl don mhúinteoir nuair a bhíonn an dalta tinn nó as láthair.

Síniú; *Colm ó Ruairc, Cathaoirleach Bord Bainistíochta 13/05/19*